# Cásanna cúirte faoi cheist stádas na Gaeilge faoin mBunreacht

Sa bhliain 1934 dúirt an Príomh-Bhreitheamh Kennedy:

"None of the organs of the State, legislative, executive or judicial may derogate from the pre-eminent status of the Irish language as the national language of the State without offending against the Constitutional position…"

Ó Foghludha v. McClean (1934) IR469

---

Sa bhliain 1983 dúirt an Breitheamh Ó hAnnluain an méid seo:

"Tabharfar fé ndeara go mbronntar ardú céime ar an Ghaeilge i mBunreacht na hÉireann, thar mar a bhí aici sa chéad Bhunreacht, nó luaitear don chéad uair í mar "phríomhtheanga oifigiúil". Ag an am gcéanna is leithne an rogha a tugtar don Oireachtas tús caidhne a thabhairt do theanga amháin thar an teanga eile do réir dlí sa mhéid a bhaineann le cúrsaí oifigiúla i gcearn ar bith den tír. Go dtí go mbaineann an tOireachtas feidhm as an gcomhacht san a bronntar air fé fhorálacha an Bhunreachta ní fuláir glacadh leis i gcónaí gurb' í an Ghaeilge an phríomhtheanga oifigiúil, agus go bhfuil sé de phribhléid ag an saoránach éileamh go mbainfí feidhm aisti nuair a bhíonn gnóthaí oifigiúla le riaradh san Stát."

An Stát (Mac Fhearraigh) v. Mac Gamhna (1983) T.É.T.S 29

---

Sa bhliain 1988 dúirt an Breitheamh Ó hAnnluain an méid seo:

"Tá sé soiléir gur caitheadh airgead Stáit ar na foirmeacha sa leagan Béarla do chur ar fáil ar an gcuma san agus ní fheictear dhom go bhfuil cothrom na Féinne le fáil ag an gcuid sin den phobal gur mian leo gnó a dhéanamh tré mheán an phríomh-theanga oifigiúil muna gcuirtear na háiseanna céanna ar fáil dóibh-sin freisin"

Ó Murchú v. Cláraitheoir na gCuideachtaí agus an tAire Tionscail agus Tráchtála [1988] I.R.S.R (1980-1998) 42

---

Sa bliain 2001 dúirt an Breitheamh Hardiman an méid seo:

"Is é mo dhearcadhsa go bhfuiltear tagtha chuig staid anois nach ndéanfadh ach duine a mbeadh neamhspleáchas agus dianseasmhacht thar an ngnáth ag baint leis nó léi iarracht ar gnó dhlíthiúil a dhéanamh trí Ghaeilge…..Ní féidir leo athrú ar bith a chur ar an bhfírinne lom go n-aireoidh an té a lorgaíonn bunábhar dlíthiúil i nGaeilge go bhfuil sé ag

goilleadh ar na hoifigigh óna lorgaíonn sé iad agus is cinnte go n-aireoidh sé go ndéileáilfí níos gasta agus níos éifeachtúla lena ghnó má thaobhaíonn sé an Béarla. Ní fhéadfainn a rá ach gur cion i gcoinne meoin agus bhunbhrí na bhfocal sa Bhunreacht an staid seo"

Hardiman, Brmh. – Athbhreithniú Breithiúna – An Chúirt Uachtarach. Tag: Ó Beoláin v. Fahy [2001] 2 I.R. 279

---

Agus arís ón mbreithiúnas céanna ó Hardiman, Brmh:

"Is é mo thuairimse nach féidir an Ghaeilge arb í an teanga náisiúnta í agus, san am céanna arb í príomhtheanga oifigiúil an Stáit í, a eisiamh (ar a laghad in éagmuis dlí den chineál a shamhlaítear le hAirteagal 8.3) ó aon chuid de dhioscúrsa poiblí an náisiúin nó ó aon ghnó oifigiúil de chuid an Stáit ná de chuid aon cheann dá bhaill. Ná ní féidir caitheamh léi sna comhthéacsanna seo ar shlí ar bith nach bhfuil chomh fabhrach leis an tslí a gcaitear leis an dara teanga oifigiúil. Ná ní féidir iad siúd atá inniúil agus ar mian leo í a úsáid chun iad féin a chur in iúl nó chun cumarsáide, a chosc nó a fhágáil faoi mhíbhuntáiste agus iad á dhéanamh sin in aon chomhthéacs náisiúnta nó oifigiúil."

Hardiman, J. – Athbhreithniú Breithiúna – An Chúirt Uachtarach. Tag: Ó Beoláin v. Fahy [2001] 2 I.R. 279

---

Agus arís an méid seo ón mbreithiúnas céanna ó Hardiman, Brmh:

"Leagann an Stát nua-aimseartha iliomad dualgas trom ar shaoránaigh i dtaca le gnéithe éagsúla den tsaol ó ghéilliúlacht i gcúrsaí cánach go dlí pleanála. Dualgais thuirsiúla a ghlacann am agus atá costasach a chomhlíonadh cuid mhór den na dualgais seo ach is cuí é a bheith riachtanach iad a chomhlíonadh.

Mar an gcéanna caithfidh an Stát féin a dhualgais a chomhlíonadh , go háirithe iad siúd atá cumhdaithe sa Bhunreacht agus ní féidir é a chloisteáil ag gearán ach chomh beag leis an saoránach aonair gur dualgais thuirsiúla, throma iad sin. Go háirithe, ní féidir an Stát a chloisteáil ag gearán gur de bharr nár chomhlíon sé a dhualgais le scór bliain anuas is breis atá deacracht níos mó aige na dualgais sin a chomhlíonadh anois."

Hardiman, Brmh. – Athbhreithniú Breithiúna – An Chúirt Uachtarach. Tag :Ó Beoláin v. Fahy [2001] 2 I.R. 279

---